

Dlighidh iasacht a iodhlacudh re athtarbha

[McKenna, L.: *Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 61]

Goffraidh Ó Cléirigh cct.

1 Dlighidh iasacht  
a iodhlacudh re athtarbha  
ní hé as ionnraic  
an té nach ionnlaic a acarrdha.

2 Iasacht thugas  
is-tighsea tuas gar dtiodhlacadh  
ní bhia fa bhuaidh  
muna ria uaim a iodhlacadh.

3 Ná mealladh sinn  
an soitheach éadlúith [anfhallsa]  
ramhach fa ríor  
is dabhach chríon an chalannsa.

4 An cholann chriadh  
corrach diumsach an [droicheachsa],  
anbhfann a taobh  
tabhram dar saor an soitheachsa.

5 Déana agud  
a inghean díochra dhobhuidheach;  
ná hiarr orum  
do riar, a cholann chomhaidheach.

6 Tusa id chodladh  
gan chomhrád Dé n-ar ndiainréimne  
is damhna deor  
labhra don eon [gach] iairmhéirghe.

7 Cnuasach peacadh  
[óm] peann scríobhtha ar mo [sgoilfhithchill]  
gach ré gcorp i n-a chubharthuinn  
olc oirichlim

8 Deor tromthoirse  
go dtí tar abhra ar n-aightheine;  
badh subhach sionn  
madh dubhach ionn ón aithrige.

9 Go rob clog tráth  
an teangasa nach tulmhaithmheach,

gidh géar gailbheach  
gura béal ainmneach urnaightheach.

10 Lossa i lot Críst  
go gcuireann as ar [gcroidhteachaibh]  
mac seang dar siair  
go mbeam 'n-ar liaigh dá [loiteachaibh]

11 A meadh uthrais  
nara horm rabh 'n-a rollasan  
go ndeach mo dhéarc  
is-teach i gcréacht a chollasan.

12 Cionnus rachad  
sa Róimh re sneachta síndeorach?  
meallaidh an tsráid gheal ghrianánach  
fear frímheolach.

13 Teampall Solmha  
go sléachtar ann go hoirichleach  
cloch gan ghné ngairbh  
go rob hé m'ainm a hoilithreach.

14 Tocht sa tír naoimh  
neamh uadha is air [do bhinnghéabhainn]  
mairg fa mbia bróg  
is Dia ar gach fhód dá [n-imdhéaghainn].

15 Reileag Muire  
muir Toirian tonn dar ngarbhmaicne;  
is ceall gach cuan  
fearr iná gach uagh adhlaicthe.

16 Sreabh Íosa is Eoin  
a huisce go dtí tharumsa;  
sruth cithmhear cas  
go nighthear as an t-anamsa.

17 Go dtí i bport fhionn  
na héigbheathadh riom ródbhruighean;  
gan teacht dom thoigh  
mo leacht gurab thoir tógbhuighear.

18 Marcach na dtonn  
ná tabhradh duine ar déarchairde  
Dia ar muin mhara  
idir mhuir thana agus théachtfhairrge.

19 Marcach na ndúl

[. . . . .]  
gé thorchair thríonn  
dorchaídh a síon a [soillsighir]

20 [longnadh cé as cás]  
cathrach ar a mbí a bhreathaga  
nach taraidh trá  
adhaigh is lá go leathfhada.

21 [Cóirighe] an lá  
ónab léir feadha is finnlinte  
go n-iadh adhaigh  
tiar fa aghaidh na firminnte.

22 Locha [doimhne]  
dá ndáil reodh tug 'n-a dtéachtannaibh;  
cuanna ad-chíthír  
stuagha an ríchigh fa réalltannaibh.

23 Luibhe gach shíl  
shíolas ar gach sliocht ghuidheassan  
drúis oircheas ann  
toirrcheas isa crann chuireassan.

24 Ón uile scoil  
scríobhas leabhar gan loichteagar  
is cleith cionnta  
ní reich a fhiorta d'fhoirceadal.

25 Gan ghaoith re crann  
gan chioth sneachta is sé ag talmaghadh  
fa chuirr cairrge  
gan tuinn d'fhairrge acht ga adhmholadh.

26 Ad-chí ar t'aghaidh  
gach aon dá racha id rúindeabhaidh  
ad-chí ar do chúl  
a Rí na ndúl, a Dhúileamhain.

27 Doirbh do thréigean  
a-taoi i ngach aird go hileardha  
gé tú ag triall sair  
tú thiar 'gom thaigh, a Thighearna.

28 Tusa ós ar gcionn  
a chraobh do ghein ó ghlanMhuire  
tú ag fulang fóinn  
a ubhall óir ar n-abhlaine.

29 A-tá tú thuaidh  
ós threibh lfeirnn nach [airdrighe]  
a-tá tú theas  
a chnú do mheas na maighdine.

30 Gé fhuarais uainn  
onóir dalta, [a] shaoir shoineamhail  
far-íor ro b'olc  
ar ndíol ort ar n-at oileamhain.

31 Cúig álaidh ort  
a Íosa a fhir na míndealbha  
maith crú do chneadh  
is tú braith na bhfleadh bhfíneamhna.

32 Ar n-uilc re n-éag  
admham do Dhia ó dhaighcridhibh  
ní tráth tagra  
ar mbráth ag agra ar n-aithdlighidh. Dlighidh.